C/2024/5164

19.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11585 — EPR / UNIPER GROUP (TRADING ASSETS))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5164)

1. An 8 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais, conarthaí agus sócmhainní seo a leanas:

— EP Resources AG ('EPR', an Eilvéis), atá faoi rialú Energetický a průmyslový holding, a.s. ('EPH', an tSeicia), atá faoi rialú deiridh Daniel Křetínský, a rialaíonn gnóthais eacnamaíocha eile,

— áirítear leis an Sprioc conarthaí agus sócmhainní éagsúla de chuid Uniper Global Commodities SE (an Ghearmáin), atá faoi rialú Uniper SE ('Uniper', an Ghearmáin), amhail stoc-charn guail, comhaontuithe soláthair guail, agus comhaontuithe cairtfhostaithe ar feadh téarma, a úsáidtear chun gual a fhoinsiú agus a sholáthar go príomha do ghléasraí cumhachta gualbhreoslaithe Uniper atá lonnaithe sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa Ríocht Aontaithe.

Gheobhaidh EPR, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú ar an Sprioc ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin teaglaim de cheannach sócmhainní agus de mhodhanna conarthacha.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EPR gníomhach i dtrádáil agus loingseoireacht tráchtearraí. Is fóntas fuinnimh atá comhtháite go hingearach é Grúpa EPH a dhéanann roinnt gníomhaíochtaí mar shampla, mianadóireacht ligníte, leictreachas agus teas a tháirgeadh, a dháileadh agus a sholáthar, chomh maith le gás a tharchur, a dháileadh, a stóráil agus a sholáthar,

— tá an Sprioc gníomhach i gceannach guail theirmigh, in iompar guail agus i stoc-charnadh guail go príomha chun gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe Uniper atá lonnaithe sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa Ríocht Aontaithe a sholáthar.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11585 — EPR / UNIPER GROUP (TRADING ASSETS)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË